

Foirm LPT8 – Iarratas ar Dhíolúine

(do mhaoine lonnaithe ag leanaí áirithe faoi éagumas go buan agus go huile is go hiomlán, ina leith a íocann an Roinn Coimirce Sóisialaí Liúntas Cúram Baile)



Roimh chomhlánú na foirme iarratais seo, ba chóir duit na “Treoirínte ar Fhaoiseamh Cánach Maoine Áitiúla do Dhaoine faoi Mhíchumas / Éagumas” a léamh chun a dhearbú an gcáilíonn tú le haghaidh díolúine cánach. Tá na treoirínte seo ar fáil ag www.revenue.ie sa chuid CMÁ den suíomh gréasáin.

Ainm an duine faoi dhliteanas: (gan ach duine amháin)

UPSP an duine faoi dhliteanas:

Ainm an linbh faoi éagumas:

UPSP an linbh faoi éagumas:

Seoladh na maoine: (áirigh Eircode)

UA Maoine:

An bhfuil Liúntas Cúram Baile á íoc ag an Roinn Coimirce Sóisialaí i leith an linbh faoi éagumas? (féach nóta 1) Tá Níl

An bhfuil cónaí ag an leanbh faoi éagumas sa mhaoin oiriúnaithe mar aon nó phríomháit chónaithe? Tá Níl

Cuir in iúl ar tógadh, ar fuarthas nó ar cuireadh an mhaoin in oiriúint: (féach nóta 2)

Luach inmhuirir na maoine ag 1 Bealtaine 2013: (féach nóta 3) €

 ,

 ,

An dáta ar ar tógadh, ar ar ceannaíodh, ar a bhfuarthas nó ar leasaíodh an réadmhaoin:

Áit ar cuireadh an mhaoin in oiriúint
 • Cur síos ar an obair oiriúnaithe: (féach nóta 4)

--	--

• **Costas na hoibre oiriúnaithe:** €

 ,

 ,

• **Luach inmhuirir na maoine roimh an obair oiriúnaithe:** (féach nóta 5) €

 ,

 ,

• **Dáta a chríochnaíodh an obair oiriúnaithe:**

DEARBHÚ

Dearbháimse go bhfuil sonraí uile ar an bhfoirm seo ceart ar feadh m’eoilais agus mo thuirime.

Síniú an duine faoi dhliteanas: _____ Dáta: _____

Uimh. Ghutháin:

 Seoladh R-phoist:

Nótaí ar chomhlánú na foirme iarratais

Nóta 1: “**An bhfuil Liúntas Cúram Baile á íoc ag an Roinn Coimirce Sóisialaí i leith an linbh faoi éagumas?**” Ní híocann an Roinn Coimirce Sóisialaí Liúntas Cúramóra Baile le haghaidh leanaí a bhfuil breis agus 16 bliana slán acu. Mura n-íoctar Liúntas Cúram Baile i leith linbh faoi éagumas ba chóir duit Foirm LPT7 a chomhlánú seachas an fhoirm seo.

Nóta 2: “**Cuir in iúl ar tógadh, ar ceannaíodh, ar fuarthas nó ar cuireadh an mhaoin in oiriúint**”: D’fhéadfadh sé go mbeadh feidhm ag an díolúine sa chás gur tógadh nó gur ceannaíodh an mhaoin, nó gur cuireadh maoín a bhí ann cheana féin in oiriúint. Ba chóir duit an ceann a oireann a chur in iúl. Ba chóir gur tógadh, gur fuarthas nó gur ceannaíodh an mhaoin toisc go raibh sí oiriúnach chun cónaí inti (agus / nó oiriúnach le cónaí inti) ag duine atá faoi éagumas buan agus go huile is go hiomlán. Áit ar cuireadh maoín a bhí ann cheana féin in oiriúint, ba chóir go ndearnadh an obair oiriúnaithe chun an mhaoin a dhéanamh níos oiriúnaí le cónaí inti ag duine atá faoi éagumas buan agus go huile is go hiomlán. Chun breis eolais a fháil, féach cuid 4.2 sna “Treoirínte ar Fhaoiseamh Cánach Maoine Áitiúla do Dhaoine faoi Mhíchumas / Éagumas” ag www.revenue.ie sa chuid CMÁ den suíomh gréasáin.

Nóta 3: “**Luach inmhuirir na maoine ag 1 Bealtaine 2013**”: Seo an luach ba chóir a bheith dearbhaithe cheana féin do na Coimisinéirí loncainm don mhaoin maidir leis an gcéad dáta luachála don CMÁ, i.e. 1 Bealtaine 2013. Cinntíonn an luach seo an CMÁ atá iníoctha sna blianta 2013 - 2021 cuimsitheach, neamhaird ar aon mhéadú nó laghdú ar luach na maoine i rith na tréimhse seo.

Nóta 4: “**Cur síos ar an obair oiriúnaithe**”: Ba chóir go mbeadh cur síos sa chuid seo ar obair thógála / fheistithe a rinneadh ar an mhaoin chun í a dhéanamh níos oiriúnaí mar chóiríocht don duine atá faoi éagumas buan agus go huile is go hiomlán. Chun breis eolais a fháil, féach cuid 4.2 sna “Treoirínte ar Fhaoiseamh Cánach Maoine Áitiúla do Dhaoine faoi Mhíchumas / Éagumas” ag www.revenue.ie sa chuid CMÁ den suíomh gréasáin.

Nóta 5: “**Luach inmhuirir na maoine roimh an obair oiriúnaithe**”: Ba chóir duit measúnú a dhéanamh ar luach inmhuirir na maoine a bheadh i bhfeidhm sula ndearnadh an obair oiriúnaithe. Ligfidh sé seo duit a dearbhú an raibh costas na hoibre oiriúnaithe (arna críochnú) thar 25% de luach inmhuirir measta na maoine (chun cáiliú don díolúine, ní mór go mbeadh an costas thar 25% de luach inmhuirir measta na maoine).

Mar shampla, má mheasann tú gur €300,000 luach inmhuirir na maoine a bheadh ann **sula ndearnadh** an obair oiriúnaithe agus chosain an obair oiriúnaithe €120,000, bheadh costas na hoibre thar 25% de do luach inmhuirir measta. Chun breis eolais a fháil, féach cuid 4.2.1 agus sampla 9 san Iarscríbhinn sna “Treoirínte ar Fhaoiseamh Cánach Maoine Áitiúla do Dhaoine faoi Mhíchumas / Éagumas” ag www.revenue.ie sa chuid CMÁ den suíomh gréasáin.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí loncainm cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí loncainm ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí loncainm agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar www.revenue.ie.

Cuir d’fhoirm iarratais chuig na Coimisinéirí loncainm, Brainse CMÁ, Bosca Poist 1, Luimneach. Má tá ceist ar bith agat, cuir glao ar an líne chabhrach CMÁ ag 01 738 3626.

